II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1629 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Meán Fómhair 2022

lena mbunaítear bearta chun *Ceratocystis platani* (J.M. Walter) Engelbr. & T.C. Harr. a imshrianadh laistigh de limistéir chríochaithe áirithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(1), pointí (d) agus (e), agus Airteagal 28(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([2]), i gCuid B d'Iarscríbhinn II, leagtar síos liosta lotnaidí coraintín de chuid an Aontais is eol a bheith ann i gcríoch an Aontais.

(2) Áirítear *Ceratocystis platani* (J.M. Walter) Engelbr. & T.C. Harr. ("an lotnaid shonraithe") ar an liosta sin, toisc gur eol é a bheith ann i gcodanna áirithe de chríoch an Aontais, agus go mbíonn tionchar suntasach aige ar phlandaí *Platanus* L. ("na plandaí sonraithe") agus ar adhmad *Platanus* L. ("an adhmad sonraithe"), arb iad príomhóstaigh na lotnaide sin.

(3) Léirítear leis na suirbhéanna a rinneadh de bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2016/2031 nach bhfuil sé indéanta a thuilleadh an lotnaid shonraithe a dhíothú i limistéir chríochaithe áirithe.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart bearta a bhunú chun an lotnaid shonraithe a imshrianadh laistigh de na limistéir chríochaithe sin, limistéir ina mbeidh criosanna ionfhabhtaithe agus criosanna maolánacha. Ba cheart na bearta sin a bheith i gcomhréir leis an bhfianaise theicniúil agus eolaíoch atá ar fáil maidir leis na plandaí sonraithe agus an adhmad sonraithe.

(5) Ba cheart do na húdaráis inniúla feasacht an phobail a mhúscailt chun a áirithiú go mbeidh an pobal i gcoitinne agus oibreoirí gairmiúla a mbaineann na bearta imshrianta sna limistéir chríochaithe leo ar an eolas faoi na bearta atá curtha i bhfeidhm agus faoi theorannú na limistéar críochaithe chun na críche sin.

(6) Mar sin féin, má aimsítear an lotnaid shonraithe i gcrios maolánach timpeall ar chrios ionfhabhtaithe atá faoi réir bearta chun an lotnaid shonraithe a imshrianadh, ba cheart don údarás inniúil limistéar críochaithe nua a bhunú dá thoradh sin, limistéar ina dtabharfaí faoi dhíothú.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

(7) Suirbhéanna bliantúla ar láithreacht na lotnaide sonraithe, mar a leagtar amach in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1231 ón gCoimisiún ([3]), ba cheart iad a dhéanamh chun a áirithiú go mbraithfear an lotnaid shonraithe go luath i limistéir de chríoch an Aontais nach eol an lotnaid shonraithe a bheith i láthair iontu. Ba cheart na suirbhéanna sin a bheith bunaithe ar an gcárta suirbhé lotnaide ar an lotnaid shonraithe a fhoilsíonn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, toisc go gcuirtear san áireamh ann na forbairtí eolaíochta agus teicniúla is déanaí.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, bunaítear bearta chun *Ceratocystis platani* (J.M. Walter) Engelbr. & T.C. Harr. a imshrianadh laistigh de na limistéir chríochaithe sin nach bhfuil sé indéanta é a dhíothú uathu.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "an lotnaid shonraithe" *Ceratocystis platani* (J.M. Walter) Engelbr. & T.C. Harr.;

(2) ciallaíonn "na plandaí sonraithe" plandaí den ghéineas *Platanus* L. seachas síolta;

(3) ciallaíonn "an t-adhmad sonraithe" adhmad den ghéineas *Platanus* L.;

(4) ciallaíonn "an limistéar críochaithe le haghaidh imshrianadh" limistéar a liostaítear in Iarscríbhinn I, limistéar nach féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú uaidh;

(5) ciallaíonn "an cárta suirbhé lotnaide" an foilseachán "Cárta suirbhé lotnaide ar *Ceratocystis platani*" ([4]) de chuid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia.

Airteagal 3

Limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh a bhunú

Bunóidh na húdaráis inniúla na limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh na lotnaide sonraithe, limistéir ina mbeidh crios ionfhabhtaithe agus crios maolánach a bhfuil leithead 1 km ar a laghad aige timpeall an chreasa ionfhabhtaithe.

Airteagal 4

Bearta laistigh de na limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh

1. Sna criosanna ionfhabhtaithe, áiritheoidh na húdaráis inniúla na rudaí seo a leanas:

(a) go mbainfear plandaí sonraithe agus adhmad sonraithe atá ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe roimh an gcéad séasúr fáis eile, agus cuirfear i bhfeidhm bearta iomchuí chun leathadh na lotnaide sonraithe ag an stumpa, ag min sáibh, ag codanna adhmaid agus ag smionagar ithreach ar an láithreán leagtha a chosc agus áiritheofar a scriosadh ag saoráidí cóireála iomchuí;

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1231 ón gCoimisiún an 27 Lúnasa 2020 maidir leis an bhformáid agus na treoracha le haghaidh na dtuarascálacha bliantúla ar thorthaí na suirbhéanna agus maidir le formáid na gclár ilbhliantúil suirbhéireachta agus na socruithe praiticiúla, dá bhforáiltear faoi seach in Airteagail 22 agus 23 de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 280, 28.8.2020, lch. 1).

([4]) Pest survey card on *Ceratocystis platani* [Cárta suirbhé lotnaide ar *Ceratocystis platani*]. Foilseachán tacaíochta EFSA 2021:EN-6822. doi:10.2903/sp.efsa.2021.EN-6822. Le fáil ar líne: https://arcg.is/15CyXW

(b) go gcuirfear toirmeasc ar ghluaiseacht adhmaid shonraithe a dhéanfaí de thoradh plandaí sonraithe atá ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe a bhaint den chrios ionfhabhtaithe, seachas sna cásanna seo a leanas:

(i) i gcás nach bhfuil saoráid cóireála iomchuí ar fáil laistigh den chrios ionfhabhtaithe;

(ii) i gcás ina ndéantar an chóireáil sa tsaoráid cóireála is gaire lasmuigh den chrios ionfhabhtaithe atá in ann an chóireáil a dhéanamh; agus

(iii) i gcás ina ndéantar an iompar faoi mhaoirseacht oifigiúil na n-údarás inniúil agus laistigh d'fheithiclí iata, lena n-áirithítear go gcuirfear cosc ar dhoirteadh an adhmaid shonraithe agus nach féidir leis an lotnaid shonraithe leathadh;

(c) go gcuirfear toirmeasc ar phlandú plandaí sonraithe sna criosanna ionfhabhtaithe atá i gceist, seachas na plandaí sin is eol iad a bheith frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe;

(d) go gcuirfear toirmeasc ar bhaint agus iompar ithreach ó chrios ionfhabhtaithe go criosanna eile, ach amháin má cuireadh i bhfeidhm cóireáil iomchuí roimhe sin chun a áirithiú go mbeidh sé saor ón lotnaid shonraithe;

(e) go ndéanfar uirlisí prúnála agus innealra a ghlanadh agus a dhíghalrú sula ndéanfaidh siad teagmháil leis na plandaí sonraithe nó a n-ithir, agus i ndiaidh na teagmhála sin; agus

(f) go gcóireálfar loit phrúnála le cóireálacha coisctheacha iomchuí, i gcás prúnáil plandaí sonraithe.

2. Sna criosanna maolánacha, áiritheoidh na húdaráis inniúla na rudaí seo a leanas:

(a) go gcuirfear toirmeasc ar phlandú plandaí sonraithe sa chrios maolánach, seachas na plandaí sin is eol iad a bheith frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe;

(b) go ndéanfar uirlisí prúnála agus innealra a ghlanadh agus a dhíghalrú sula ndéanfaidh siad teagmháil leis na plandaí sonraithe nó a n-ithir, nó le hadhmad sonraithe, agus i ndiaidh na teagmhála sin; agus

(c) go gcóireálfar loit phrúnála le cóireálacha coisctheacha iomchuí, i gcás prúnáil plandaí sonraithe.

3. I gcás ina ndeimhnítear go hoifigiúil go bhfuil an lotnaid shonraithe ann sa chrios maolánach, beidh feidhm ag Airteagail 17 agus 18 de Rialachán (AE) 2016/2031.

4. Laistigh de na limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh, déanfaidh na húdaráis inniúla feasacht an phobail a mhúscailt maidir le bagairt na lotnaide sonraithe agus maidir leis na bearta a ghlacfar chun a leathadh lasmuigh de na limistéir sin a chosc.

Cuirfidh na húdaráis inniúla an pobal i gcoitinne agus na hoibreoirí gairmiúla lena mbaineann ar an eolas faoi theorannú an limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh.

Airteagal 5

Suirbhéanna

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla na suirbhéanna dá bhforáiltear i míreanna 2 agus 3, agus an fhaisnéis dá dtagraítear ar an gcárta suirbhé lotnaide á cur san áireamh.

2. Déanfaidh siad suirbhéanna rioscabhunaithe bliantúla ar láithreacht na lotnaide sonraithe i limistéir de chríoch an Aontais nach eol an lotnaid shonraithe a bheith i láthair iontu ach ina bhféadfadh sí a bheith bunaithe.

3. I gcriosanna maolánacha na limistéar críochaithe le haghaidh imshrianadh, déanfaidh siad suirbhéanna bliantúla, dá dtagraítear in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, chun láithreacht na lotnaide sonraithe a bhrath.

Áireofar sna suirbhéanna sin:

(a) scrúduithe amhairc ar na plandaí sonraithe chun an lotnaid shonraithe a bhrath; agus

(b) sampláil agus tástáil, i gcás ina bhfuil amhras ann go bhfuil an lotnaid shonraithe ann.

Beidh na suirbhéanna sin níos déine ná na suirbhéanna dá dtagraítear i mír 2, agus déanfar níos mó scrúduithe amhairc agus, i gcás inarb iomchuí, sampláil agus tástáil mar chuid de na suirbhéanna sin.

Airteagal 6

Tuairisciú

Faoin 30 Aibreán gach bliain, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin agus faoi bhráid na mBallstát eile torthaí na suirbhéanna a rinneadh, sa bhliain féilire roimhe sin, de bhun:

(a) Airteagal 5(2) den Rialachán seo, agus úsáid á baint as ceann de na teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1231;

(b) Airteagal 5(3) den Rialachán seo, agus úsáid á baint as ceann de na teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Liosta na limistéar críochaithe le haghaidh imshrianadh dá dtagraítear in Airteagal 2

An Fhrainc

Uimhir/ainm an limistéir chríochaithe (DA)	Crios an DA	Réigiún	Bardais nó teorannuithe eile riaracháin/geografacha
1. Canal du Midi et Canal de la Robine	**Crios ionfhabhtaithe**	Aude (11)	**100 m ar gach taobh den chanáil sna bardais seo a leanas**: Alzonne; Argeliers; Argens-Minervois; Azille; Blomac; Bram; Carcassonne; Castelnaudary; Caux-et-Sauzens; Ginestas; Homps; La Redorte; Lasbordes; Marseillette; Mirepeisset; Montréal; Moussan; Narbonne; Ouveillan; Paraza; Pexiora; Pezens; Puichéric; Roubia; Saint-Martin-Lalande; Saint-Nazaire-d'Aude; Sainte-Eulalie; Sallèle d'Aude; Trèbes; Ventenac-en-Minervois; Villalier; Villedubert; Villemoustaussou; Villepinte; Villesèquelande
		Hérault (34)	**100 m ar gach taobh den chanáil sna bardais seo a leanas**: Agde; Béziers; Capestang; Cers; Colombiers; Cruzy; Nissan-lez-Ensérune; Olonzac; Poilhes; Portiragnes; Quarante; Vias; Villeneuve-les-Béziers
	Crios maolánach	Aude (11)	**1 km thart ar an gcrios ionfhabhtaithe sna bardais seo a leanas**: Alzonne; Argeliers; Argens-Minervois; Arzens; Azille; Badens; Bages; Baraigne; Barbaira; Berriac; Blomac; Bouilhonnac; Bram; Canet; Capendu; Carcassonne; Castelnau d'Aude; Castelnaudary; Caux-et-Sauzens; Conques sur Orbiel; Cuxac d'Aude; Floure; Fonties d'Aude; Ginestas; Gruissan; Homps; La Redorte; Labastide-d-Anjou; Lasbordes; Lézignan Corbières; Marseillette; Mas-saintes-Puelles; Mirepeisset; Mireval Lauragais; Montferrand; Montréal; Moussan; Narbonne; Ouveillan; Paraza; Pennautier; Pexiora; Peyriac de Mer; Pezens; Port-la-Nouvelle; Puichéric; Raissac d'Aude; Roquecourbe Minervois; Roubia; Rustiques; Saint-Couat d'Aude; Sainte-Eulalie; Sainte-Valière; Saint-Marcel sur Aude; Saint-Martin-Lalande; Saint-Nazaire-d'Aude; Sallèle d'Aude; Sigean; Tourouzelle; Trèbes; Ventenac Cabardès; Ventenac-en-Minervois; Villalier; Villedubert; Villemoustaussou; Villepinte; Villesèquelande
		Hérault (34)	**1 km thart ar an gcrios ionfhabhtaithe sna bardais seo a leanas**: Agde; Béziers; Capestang; Cers; Colombiers; Cruzy; Marseillan; Montady; Montels; Montouliers; Nissan-lez-Ensérune; Olonzac; Poilhes; Portiragnes; Quarante; Sauvian; Sérignan; Vias; Villeneuve-les-Béziers

2.	Adour et affluents	**Crios ionfhabhtaithe**	Hautes-Pyrénées (65)	Andrest; Ansost; Artagnan; Aureilhan; Aurensan; Auriébat; Barbachen; Bazet; Bazillac; Bordères-sur-l'Échez; Bours; Caixon; Camalès; Escondeaux; Estirac; Gayan; Gensac; Horgues; Lafitole; Lagarde; Laloubère; Larreule; Liac; Marsac; Maubourguet; Monfaucon; Nouilhan; Odos; Oursbelille; Pujo; Rabastens-de-Bigorre; Saint-Lézer; Sarniguet; Sarriac-Bigorre; Sauveterre; Ségalas; Séméac; Siarrouy; Sombrun; Soues; Talazac; Tarbes; Tostat; Ugnouas; Vic-en-Bigorre; Villenave-près-Marsac
			Gers (32)	Haget
		Crios maolánach	Hautes-Pyrénées (65)	Castelnau-Rivière-Basse; Caussade-Rivière; Hères; Labatut-Rivière; Villefranque **1 km thart ar an gcrios ionfhabhtaithe sna bardais seo a leanas:** Barbazan-Debat; Boulin; Buzon; Castéra-Lou; Chis; Dours; Ibos; Juillan; Lacassagne; Lahitte-Toupières; Lascazères; Lescurry; Louey; Momères; Mingot; Orleix; Orois; Pintac; Saint-Martin; Salles-Adour; Sanous; Sarrouilles; Tarasteix
			Gers (32)	Armentieux; Jû-Belloc; Ladevèze-Ville; Tieste-Uragnoux **1 km thart ar an gcrios ionfhabhtaithe sna bardais seo a leanas:** Beccas; Betplan; Cazeaux-Villecomtal; Malabat; Marciac; Montégut-Arros; Saint-Justin; Sembouès; Villecomtal-Sur-Arros
			Pyrénées-Atlantique (Région Nouvelle-Aquitaine)	**1 km thart ar an gcrios ionfhabhtaithe sna bardais seo a leanas:** Castéide-Doat; Labatut; Lamayou; Moncaup; Montaner; Monségur
3.	Vaucluse/Bouches-du-Rhône/Var	Crios ionfhabhtaithe	Bouches du Rhône (13)	Aix-en-Provence; Allauch; Arles; Aubagne; Auriol; Barbentane; Berre-l'Etang; Cabannes; Cadolive; Carry-le-Rouet; Ceyreste; Châteaurenard; Cornillon-Confoux; Cuges-les-Pins; Eygalières; Eyguières; Eyragues; Fuveau; Gémenos; Gignac-la-Nerthe; Grans; Graveson; Gréasque; Istres; Jouques; La Bouilladisse; La Ciotat; La Destrousse; La Fare-les-Oliviers; La Penne-sur-Huveaune; Lamanon; Lambesc; Le Tholonet; Les Pennes-Mirabeau; Maillane; Mallemort; Marignane; Marseille; Martigues; Mas-Blanc-des-Alpilles; Maussane-les-Alpilles; Meyrargues; Meyreuil; Mollégès; Mouriès; Noves; Orgon; Pélissanne; Peyrolles-en-Provence; Plan-de-Cuques; Plan-d'Orgon; Port-de-Bouc; Port-Saint-Louis-du-Rhône; Puyloubier; Rognonas; Roquevaire; Saint-Andiol; Saint-Chamas; Saint-Etienne-du-Grès; Saint-Martin-de-Crau; Saint-Rémy-de-Provence; Saint-Victoret; Salon-de-Provence; Sénas; Simiane-Collongue; Tarascon; Trets; Velaux; Venelles; Ventabren; Verquiéres; Vitrolles

		Var (83)	Cogolin; Draguignan; Hyères; La Garde; La Londe-les-Maures; La Seyne-sur-Mer; Le Beausset; Le Luc; Les Arcs; Pignans; Saint-Cyr-sur-Mer; Saint-Maximin-la-Sainte-Baume; Saint-Tropez; Saint-Zacharie; Toulon
		Vaucluse (84)	Althen-des-Paluds; Apt; Avignon; Beaumes-de-Venise; Bédarrides; Bonnieux; Cadenet; Caderousse; Camaret-sur-Aigues; Carpentras; Caumont-sur-Durance; Cavaillon; Châteauneuf-de-Gadagne; Châteauneuf-du-Pape; Courthézon; Entraigues-sur-la-Sorgue; Fontaine-se-Vaucluse; Gargas; Gignac; Gigondas; Gordes; Goult; Jonquerettes; Jonquières; La Tour-d'Aigues; Lagnes; Lapalud; Lauris; Le Pontet; Le Thor; L'Isle-sur-la-Sorgue; Loriol-du-Comtat; Lourmarin; Malaucène; Mazan; Mérindol; Modène; Mondragon; Monteux; Morières-lès-Avignon; Oppède; Orange; Pernes-les-Fontaines; Pertuis; Piolenc; Robion; Saignon; Saint-Didier; Saint-Saturnin-lès-Apt; Saint-Saturnin-lès-Avignon; Sarrians; Saumane-de-Vaucluse; Sorgues; Travaillan; Vedène; Velleron; Venasque; Villelaure; Violes
	Crios maolánach	Bouches du Rhône (13)	Alleins; Aureille; Aurons; Beaurecueil; Belcodène; Bouc-Bel-Air; Boulbon; Cabriès; Carnoux-en-Provence; Cassis; Charleval; Châteauneuf-le-Rouge; Châteauneuf-les-Martigues; Coudoux; Eguilles; Ensuès-la-Redonne; Fontvieille; Fos-sur-Mer; Gardanne; La Barben; La Roque-d'Anthéron; Lançon-Provence; Le Puy-Sainte-Réparade; Le Rove; Les Baux-de-Provence; Mimet; Miramas; Paradou; Peynier; Peypin; Rognac; Rognes; Roquefort-la-Bédoule; Rousset; Saint-Antonin-sur-Bayon; Saint-Cannat; Saintes-Maries-de-la-Mer; Saint-Estève-Janson; Saint-Marc-Jaumegarde; Saint-Mitre-les-Remparts; Saint-Paul-lès-Durance; Saint-Pierre-de-Mézoargues; Saint-Savournin; Sausset-les-Pins; Septèmes-les-Vallons; Vauvenargues; Vernègues
		Var (83)	Ampus; Bandol; Besse-sur-Issole; Bormes-les-Mimosas; Bras; Brue-Auriac; Cabasse; Carnoules; Carqueiranne; Cavalaire-sur-Mer; Châteaudouble; Collobrières; Evenos; Figanières; Flassans-sur-Issole; Flayosc; Gassin; Gonfaron; Grimaud; La Cadiere-d'Azur; La Crau; La Croix-Valmer; La Farlède; La Mole; La Motte; La Valette-du-Var; Le Cannet-des-Maures; Le Castellet; Le Muy; Le Pradet; Le Revest-les-Eaux; Le Thoronet; Les Mayons; Lorgues; Nans-les-Pins; Ollières; Ollioules; Pierrefeu-du-Var; Plan-d'Aups-Sainte-Baume; Pourcieux; Pourrières; Puget-Ville; Ramatuelle; Rians; Riboux; Rougiers; Sainte-Maxime; Saint-Mandrier-sur-Mer; Sanary-sur-Mer; Seillons-Source-d'Argens; Signes; Six-Fours-les-Plages; Taradeau; Tourves; Trans-en-Provence; Vidauban

		Vaucluse (84)	Ansouis; Aubignan; Auribeau; Beaumettes; Beaumont-de-Pertuis; Beaumont-du-Ventoux; Bedoin; Blauvac; Bollène; Buoux; Cabrieres-d'Avignon; Cairanne; Caromb; Caseneuve; Castellet; Cheval-Blanc; Crestet; Crillon-le-Brave; Cucuron; Entrechaux; Grambois; Joucas; La Bastidonne; La Motte-d'Aigues; La Roque-Alric; La Roque-sur-Pernes; Lacoste; Lafare; Lagarde-d'Apt; Lamotte-du-Rhône; Le Barroux; Le Beaucet; Lioux; Malemort-du-Comtat; Maubec; Ménerbes; Méthamis; Mirabeau; Mormoiron; Mornas; Murs; Puget; Puyvert; Rasteau; Roussillon; Rustrel; Sablet; Saint-Christol; Sainte-Cécile-les-Vignes; Saint-Hippolyte-le-Graveyron; Saint-Léger-du-Ventoux; Saint-Martin-de-Castillon; Saint-Martin-de-la-Brasque; Saint-Pantaléon; Saint-Pierre-de-Vassols; Sannes; Sault; Seguret; Sérignan-du-Comtat; Sivergues; Suzette; Taillades; Uchaux; Vacqueyras; Vaison-la-Romaine; Vaugines; Viens; Villars
		Alpes-de-Haute-Provence (04)	Simiane-la-Rotonde
		Ardèche (07)	Bourg-Saint-Andéol; Saint-Just-d'Ardèche; Saint-Marcel-d'Ardèche
		Drôme (26)	Mollans-sur-Ouvèze; Pierrelatte; Rochegude; Saint-Paul-Trois-Châteaux; Suze-la-Rousse
		Gard (30)	Aramon; Beaucaire; Chusclan; Codolet; Fourques; Laudun-l'Ardoise; Les Angles; Montfaucon; Pont-Saint-Esprit; Roquemaure; Saint-Alexandre; Saint-Etienne-des-Sorts; Saint-Geniès-de-Comolas; Saint-Gilles; Sauveterre; Vallabrègues; Vénéjan; Villeneuve-lès-Avignon

IARSCRÍBHINN II

Teimpléid chun torthaí na suirbhéanna bliantúla arna ndéanamh de bhun Airteagal 6, pointe (b), a thuairisciú

CUID A

1. Teimpléad chun torthaí na suirbhéanna bliantúla a thuairisciú

1. **Tuairisc ar an limistéar críochaithe (DA)**		2. **Méid tosaigh an DA (ha)**	3. **Méid cothrom le dáta an DA (ha)**	4. **Cur chuige**	5. **Crios**	6. **Suíomhanna suirbhéireachta**		7. **Limistéir riosca arna sainaithint**	8. **Limistéir riosca arna n-iniúchadh**	9. **Ábhar planda/Tráchtearra**	10. **Liosta speiceas plandaí óstacha**	11. **Uainiú**	12. **Mionsonraí an tsuirbhé** A) An líon scrúduithe amhairc B) An líon iomlán samplaí a tógadh C) Cineál gaistí (nó modh malartach eile (e.g. líontáin scaobtha)) D) An líon gaistí (nó modh gabhála eile) E) An líon suíomhanna gaisteoireachta, nuair nach ionann é agus na sonraí a thuairiscítear in (D) F) Cineál tástálacha (e.g. sainaithint mhicreascópach, PCR, ELISA, etc.) G) An líon iomlán tástálacha H) Bearta eile (e.g. madraí bolaíochta, ladrainn, héileacaptair, feachtais múscailte feasachta etc.) I) An líon beart eile									13. **An líon samplaí siomptómacha a ndearnadh anailís orthu** i: Iomlán ii: Deimhneach iii: Diúltach iv: Éiginnte				14. **An líon samplaí aisiomptómacha a ndearnadh anailís orthu** i: Iomlán ii: Deimhneach iii: Diúltach iv: Éiginnte				15. **Uimhir fógra na ráigeanna ar tugadh fógra ina leith, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715**		16. **Nótaí**
Ainm	Dáta a bhunaithe					Tuairisc	Líon						A	B	C	D	E	F	G	H	I	i	ii	iii	iv	i	ii	iii	iv	Uimhir	Dáta	

2. **Treoracha maidir leis an teimpléad a líonadh isteach**

Má líontar an teimpléad seo isteach, ná líontar isteach an teimpléad i gCuid B den Iarscríbhinn seo.

Le haghaidh cholún 1:	Tabhair ainm an limistéir gheografaigh, uimhir na ráige nó aon fhaisnéis lenar féidir an limistéar críochaithe (DA) seo a shainaithint mar aon le dáta a bhunaithe.
Le haghaidh cholún 2:	Tabhair méid an DA roimh thús an tsuirbhé.
Le haghaidh cholún 3:	Tabhair méid an DA i ndiaidh an tsuirbhé.
Le haghaidh cholún 4:	Tabhair an cur chuige: Imshrianadh (C). Úsáid an oiread rónna agus is gá, ag brath ar an líon DAnna in aghaidh na lotnaide agus na cineálacha cur chuige a bhfuil na limistéir sin faoina réir.
Le haghaidh cholún 5:	Tabhair crios an DA ina ndearnadh an suirbhé, agus úsáid á baint as an oiread rónna agus is gá: Crios ionfhabhtaithe (IZ) nó crios maolánach (BZ), i rónna ar leith. I gcás inarb infheidhme, tabhair limistéar an BZ ina ndearnadh an suirbhé (e.g. an 20 km deiridh in aice leis an BZ, thart timpeall ar phlandlanna, etc.) i rónna éagsúla.
Le haghaidh cholún 6:	Tabhair líon agus tuairisc na suíomhanna suirbhéireachta, trí cheann amháin de na hiontrálacha seo a leanas a roghnú le haghaidh na tuairisce: 1. Faoin aer (limistéar táirgeachta): 1.1. gort (curaíocht, féarach); 1.2. úllord/fíonghort; 1.3. plandlann; 1.4. foraois; 2. Faoin aer (eile): 2.1. gairdín príobháideach; 2.2. suíomhanna poiblí; 2.3. limistéar caomhantais; 2.4. plandaí fiáine i limistéir seachas limistéir chaomhantais; 2.5. eile, agus sonrú ar an gcás ar leith (e.g. ionad garraíodóireachta, suíomhanna tráchtála a úsáideann ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid, bogaigh, uisciú agus córas draenála, etc.); 3. Dálaí atá dúnta go fisiciúil: 3.1. teach gloine; 3.2. suíomh príobháideach, seachas teach gloine; 3.3. suíomh poiblí, seachas teach gloine; 3.4. eile, agus sonrú ar an gcás ar leith (e.g. ionad garraíodóireachta, suíomhanna tráchtála a úsáideann ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid).
Le haghaidh cholún 7:	Tabhair na limistéir riosca a sainaithníodh bunaithe ar bhitheolaíocht na lotnaide/lotnaidí, ar láithreacht plandaí óstacha, ar dhálaí éicea-aeráide agus ar láithreacha riosca.
Le haghaidh cholún 8:	Tabhair na limistéir riosca a áiríodh sa suirbhé, ó na cinn sin a sainaithníodh i gcolún 7.
Le haghaidh cholún 9:	Tabhair plandaí, torthaí, síolta, ithir, ábhar pacáistíochta, adhmad, innealra, feithiclí, uisce, eile, agus an cás ar leith á shonrú.
Le haghaidh cholún 10:	Tabhair liosta na speiceas/na ngéineas plandaí a ndearnadh suirbhé orthu, agus úsáid á baint as ró amháin in aghaidh an speicis/an ghéinis planda.
Le haghaidh cholún 11:	Tabhair na míonna den bhliain a ndearnadh an suirbhé lena linn.
Le haghaidh cholún 12:	Tabhair mionsonraí an tsuirbhé, ag brath ar cheanglais dlí shonracha gach lotnaide. Tabhair le fios le N/B nuair nach mbaineann faisnéis colúin áirithe le hábhar.
Le haghaidh cholúin 13 agus 14:	Tabhair na torthaí, más infheidhme, agus an fhaisnéis atá ar fáil á tabhairt sna colúin chomhfhreagracha. Ciallaíonn “éiginnte” na samplaí anailísithe sin nach bhfuarthas aon toradh ina leith mar gheall ar thosca éagsúla (e.g méid faoi bhun an leibhéil braite, sampla neamhphróiseáilte – sampla neamh-shainaitheanta, seansampla).
Le haghaidh cholún 15:	Tabhair fógraí ráigeanna na bliana ina ndearnadh an suirbhé le haghaidh torthaí sa BZ. Ní gá uimhir fógra na ráige a áireamh agus cinneadh déanta ag an údarás inniúil gur cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 14(2), Airteagal 15(2) nó Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2016/2031 atá i gceist leis an toradh. Sa chás sin, tabhair an chúis nach dtugtar an fhaisnéis sin i gcolún 16 (“Nótaí”).

CUID B

1. **Teimpléad chun torthaí na suirbhéanna bliantúla bunaithe ar staidreamh a thuairisciú**

1. Tuairisc ar an Limistéar Críochaithe (DA)		2. Méid tosaigh an DA (ha)	3. Méid cothrom le dáta an DA (ha)	4. Cur chuige	5. Crios	6. Suíomhanna suirbhéireachta		7. Uainiú	**A.** Sainiú an tsuirbhé (paraiméadair ionchuir le haghaidh RiBESS+)													**B.** Iarracht samplála							**C.** Torthaí an tsuirbhé							25. Nótaí
Ainm	Dáta a bhunaithe					Tuairisc	Líon		8. Spriocdhaonra			9. Aonaid eipidéimeolaíocha		10. Modhanna an bhraite				11. Éifeachtacht na samplála	12. Íogaireacht an mhodha	13. Tosca riosca (gníomhaíochtaí, láithreacha agus limistéir)					14. An líon aonad eipidéimeolaíoch arna n-iniúchadh	15. An líon scrúduithe amhairc	16. An líon samplaí	17. An líon gaistí	18. An líon suíomhanna gaisteoireachta	19. An líon tástálacha	20. An líon beart eile	21. Torthaí			22. Uimhir fógra na ráigeanna ar tugadh fógra ina leith, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715		23. An leibhéal muiníne a baineadh amach	24. Leitheadúlacht an dearaidh	
									Speiceas óstach	Achar (ha nó aonad eile nios ábhartha)	Aonaid iniúchta	Tuairisc	Aonaid	Scrúduithe amhairc	Gaisteoireacht	Tástáil	Modhanna eile			Fachtóir riosca	Leibhéil riosca	An líon láithreacha	Rioscaí gaolmhara	An sciar den daonra óstach								Deimhneach	Diúltach	Éiginnte	Uimhir	Dáta			

2. **Treoracha maidir leis an teimpléad a líonadh isteach**

Má líontar an teimpléad seo isteach, ná líontar isteach an teimpléad i gCuid A den Iarscríbhinn seo.

Mínigh na toimhdí foluiteacha le haghaidh dhearadh an tsuirbhé in aghaidh na lotnaide. Tabhair achoimre agus bonn cirt leis na rudaí seo a leanas:

— an spriocdhaonra, an t-aonad eipidéimeolaíoch agus na haonaid iniúchta,

— modh an bhraite agus íogaireacht an mhodha,

— an fachtóir/na fachtóirí riosca, lena léirítear na leibhéil riosca agus na rioscaí comhfhreagracha gaolmhara agus na sciartha de dhaonra an phlanda óstaigh.

Le haghaidh cholún 1: Tabhair ainm an limistéir gheografaigh, uimhir na ráige nó aon fhaisnéis lenar féidir an limistéar críochaithe (DA) seo a shainaithint mar aon le dáta a bhunaithe.

Le haghaidh cholún 2: Tabhair méid an DA roimh thús an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 3: Tabhair méid an DA i ndiaidh an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 4: Tabhair an cur chuige: Imshrianadh (C). Úsáid an oiread rónna agus is gá, ag brath ar an líon DAnna in aghaidh na lotnaide agus na cineálacha cur chuige a bhfuil na limistéir sin faoina réir.

Le haghaidh cholún 5: Tabhair crios an DA ina ndearnadh an suirbhé, agus úsáid á baint as an oiread rónna agus is gá: Crios ionfhabhtaithe (IZ) nó crios maolánach (BZ), i rónna ar leith. I gcás inarb infheidhme, tabhair limistéar an BZ ina ndearnadh an suirbhé (e.g. an 20 km deiridh in aice leis an BZ, thart timpeall ar phlandlanna, etc.) i rónna éagsúla.

Le haghaidh cholún 6: Tabhair líon agus tuairisc na suíomhanna suirbhéireachta, trí cheann amháin de na hiontrálacha seo a leanas a roghnú le haghaidh na tuairisce:

1. Faoin aer (limistéar táirgeachta): 1.1. gort (curaíocht, féarach); 1.2. úllord/fíonghort; 1.3. plandlann; 1.4. foraois;
2. Faoin aer (eile): 2.1. gairdíní príobháideacha; 2.2. suíomhanna poiblí; 2.3. limistéar caomhantais; 2.4. plandaí fiáine i limistéir seachas limistéir chaomhantais; 2.5. eile, agus sonrú ar an gcás ar leith (e.g. ionad garraíodóireachta, suíomhanna tráchtála a úsáideann ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid, bogaigh, uisciú agus córas draenála, etc.);
3. Dálaí atá dúnta go fisiciúil: 3.1. teach gloine; 3.2. suíomh príobháideach, seachas teach gloine; 3.3. suíomh poiblí, seachas teach gloine; 3.4. eile, agus sonrú ar an gcás ar leith (e.g. ionad garraíodóireachta, suíomhanna tráchtála a úsáideann ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid).

Le haghaidh cholún 7: Tabhair na míonna den bhliain a ndearnadh na suirbhéanna lena linn.

Le haghaidh cholún 8: Tabhair an spriocdhaonra roghnaithe agus liosta na speiceas/na ngéineas óstach agus an limistéar a clúdaíodh á dtabhairt dá réir sin. Sainmhínítear an spriocdhaonra mar chomhchuibheas na n-aonad iniúchta. De ghnáth, le haghaidh limistéir talmhaíochta sainítear a mhéid i heicteáir, ach d'fhéadfadh gabháltais, goirt, tithe gloine, etc. a bheith i gceist. Tabhair bonn cirt leis an rogha sna toimhdí foluiteacha. Tabhair na haonaid iniúchta a ndearnadh suirbhé orthu. Ciallaíonn "aonad iniúchta" plandaí, codanna plandaí, tráchtearraí, ábhair, veicteoirí lotnaide a ndearna grinnscrúdú orthu chun na lotnaidí a shainaithint agus a bhrath.

Le haghaidh cholún 9: Tabhair na haonaid eipidéimeolaíocha a ndearnadh suirbhé orthu, mar aon lena dtuairisc agus a n-aonad tomhais. Ciallaíonn "aonad eipidéimeolaíoch" limistéar aonchineálach ina mbeadh na hidirghníomhuithe idir an lotnaid, na plandaí óstacha agus na tosca agus dálaí aibitheacha agus bitheacha ina gcúis leis an eipidéimeolaíocht chéanna, dá mbeadh an lotnaid i láthair. Na haonaid eipidéimeolaíocha, is foroinn den spriocdhaonra iad atá aonchineálach le haon phlanda óstach amháin ar a laghad i dtéarmaí na heipidéimeolaíochta. I gcásanna áirithe, féadfar an spriocdhaonra iomlán i réigiúin/limistéar/tír a shainiú mar aonad eipidéimeolaíoch. Féadfaidh réigiúin de chuid Aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS), limistéir uirbeacha, foraoisí, gairdíní nó feirmeacha rósanna, nó heicteáir a bheith i gceist leo. Tabharfar bonn cirt leis an rogha sna toimhdí foluiteacha.

Le haghaidh cholún 10: Tabhair na modhanna a úsáideadh le linn an tsuirbhé, an líon gníomhaíochtaí i ngach cás san áireamh, ag brath ar cheanglais dlí shonracha gach lotnaide. Tabhair le fios le N/B nuair nach bhfuil faisnéis colúin áirithe ar fáil.

Le haghaidh cholún 11: Tabhair meastachán ar éifeachtacht na samplála. Ciallaíonn éifeachtacht na samplála an dóchúlacht go roghnófaí codanna planda ionfhabhtaithe ó phlanda ionfhabhtaithe. I gcás veicteoirí, is é éifeachtacht an mhodha chun veicteoir deimhneach a ghabháil agus é i láthair i limistéar an tsuirbhé. I gcás ithreach, is é éifeachtacht sampla ithreach a roghnú ina bhfuil an lotnaid agus an lotnaid i láthair i limistéar an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 12:	Ciallaíonn “íogaireacht an mhodha” an dóchúlacht go roghnófaí modh chun láithreacht lotnaide a bhrath i gceart. Sainmhínítear íogaireacht an mhodha mar an dóchúlacht go mbeadh toradh deimhneach ag óstach fíordheimhneach. Is í iolrú éifeachtacht na samplála (i.e. an dóchúlacht go roghnófaí codanna planda ionfhabhtaithe ó phlanda ionfhabhtuithe) faoin íogaireacht dhiagnóiseach (arb é is saintréith di an scrúdú amhairc agus/nó tástáil saotharlainne a úsáidtear sa phróiseas sainaitheantais).
Le haghaidh cholún 13:	Tabhair na tosca riosca i rónna éagsúla, agus úsáid á baint as an oiread rónna agus is gá. I gcás gach fachtóra riosca, tabhair an leibhéal riosca agus an riosca comhfhreagrach gaolmhar agus an sciar den daonra óstach.
Le haghaidh cholún B:	Tabhair mionsonraí an tsuirbhé, ag brath ar cheanglais dlí shonracha gach lotnaide. Tabhair le fios le N/B nuair nach mbaineann faisnéis colúin áirithe le hábhar. Tá baint ag an bhfaisnéis atá le soláthar sna colúin sin leis an bhfaisnéis i gcolún 10 “Modhanna an bhraite”.
Le haghaidh cholún 18:	Tabhair an líon suíomhanna gaisteoireachta i gcás ina bhfuil an líon sin éagsúil leis an líon gaistí (Colún 17) (e.g. úsáidtear an gaiste céanna in áiteanna éagsúla).
Le haghaidh cholún 21:	Tabhair an líon samplaí a raibh toradh deimhneach, diúltach nó éiginnte acu. Ciallaíonn “éiginnte” na samplaí anailísithe sin nach bhfuarthas aon toradh ina leith mar gheall ar thosca éagsúla (e.g méid faoi bhun an leibhéil braite, sampla neamhphróiseáilte – sampla neamh-shainaitheanta, seansampla etc.).
Le haghaidh cholún 22:	Tabhair fógraí ráigeanna na bliana ina ndearnadh an suirbhé le haghaidh torthaí sa chrios maolánach. Ní gá uimhir fógra na ráige a áireamh nuair a bheidh cinneadh déanta ag an údaráis inniúil gur ceann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 14(2), Airteagal 15(2) nó Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2016/2031 atá i gceist leis an toradh. Sa chás sin, tabhair an chúis nach dtugtar an fhaisnéis sin i gcolún 25 (“Nótaí”).
Le haghaidh cholún 23:	Tabhair íogaireacht an tsuirbhé, mar a shainmhínítear sa Chaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta (ISPM 31). An luach seo den leibhéil muiníne a baineadh amach maidir le saoirse ó lotnaidí, ríomhtar é ar bhonn na scrúduithe (agus/nó na samplaí) a rinneadh i bhfianaise íogaireacht an mhodha agus leitheadúlacht an dearaidh.
Le haghaidh cholún 24:	Tabhair leitheadúlacht an dearaidh bunaithe ar mheastachán réamhshuirbhé ar leitheadúlacht iarbhír dhóchúil na lotnaide sa ghort. Socraítear leitheadúlacht an dearaidh mar sprioc de chuid an tsuirbhé agus comhfhreagraíonn sí don chomhréiteach atá á dhéanamh ag na bainisteoirí riosca idir an riosca an lotnaid a bheith ann agus na hacmhainní atá ar fáil don suirbhé. De ghnáth, socraítear luach 1 % le haghaidh suirbhé braite.